II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/406 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2021

lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 maidir le deiseanna iascaireachta sealadacha áirithe le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear, le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), go nglactar bearta caomhnaithe agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna ndréachtú ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) agus ag comhlachtaí comhairleacha eile, mar aon le haon chomhairle a fhaightear ó chomhairlí comhairleacha.

(2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. De bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, socrófar deiseanna iascaireachta i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) arna leagtha amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. I gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, ba cheart na TACanna a bhunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sna pleananna sin. De bhun Airteagal 16(1) den Rialachán sin, cionroinnfear deiseanna iascaireachta ar na Ballstáit lena n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó iascaigh.

(3) Ba cheart an ghabháil iomlán incheadaithe (TAC) a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal (AE) Uimh. 1380/2013 ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar ghnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara chomh maith, go háirithe ag cruinnithe na gcomhairlí comhairleacha.

(4) Tá i líon mór stoc tagtha chun bheith ina stoic chomhroinnte de bharr tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas. Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe, i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua agus i mbun chomhairliúcháin thríthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua ar bhonn an dréachtseasaimh ón Aontas atá le formhuiniú ag an gComhairle. Ós rud é nár tugadh na comhairliúcháin sin i gcrích go fóill, ba cheart don Chomhairle TACanna sealadacha a bhunú a mhéid a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta, agus in uiscí a dtugann tríú tíortha rochtain do shoithí iascaireachta an Aontais orthu, agus ba cheart di iad a bhunú ar shlí ina dtugtar lánurraim do Choinbhinsiún na Náisiún maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) agus do chearta agus d'oibleagáidí na stát cósta, agus dá gceannasacht agus dá ndlínse chomh maith.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(5) An 15 agus an 16 Nollaig 2020, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021. Chomhaontaigh an Chomhairle gur cheart na TACanna sealadacha le haghaidh stoic a roinntear le tríú tíortha a shocrú go dtí go dtabharfar na comhairliúcháin sin i gcrích i gcomhréir le creat dlíthiúil an Aontais agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta nó, mura féidir iad a thabhairt i gcrích go rathúil, go dtí go mbunóidh an Chomhairle TACanna aontaobhacha an Aontais in 2021.

(6) Maidir leis na TACanna sealadacha arna mbunú i Rialacháin (AE) 2021/91 ([2]) agus (AE) 2021/92 ([3]) ón gComhairle, lena léirítear an comhaontú polaitiúil a tugadh i gcrích sa Chomhairle, tá sé d'aidhm acu a áirithiú go leanfar de ghníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe an Aontais. In imthosca ar bith, níor cheart na deiseanna iascaireachta sealadacha sin a bheith ina mbac ar dheiseanna iascaireachta cinntitheacha a shocrú i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta agus le toradh na gcomhairliúchán, le creat dlíthiúil an Aontais agus le comhairle eolaíoch. Mar chur chuige ginearálta, ba cheart go gcomhfhreagraíonn siad do 25 % de sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2020. I gcásanna dar líon an-teoranta, mar sin féin, ba cheart céatadán eile a úsáid nuair is ag tús na bliana den chuid is mó a dhéantar iascaireacht ar na stoic. Tá an cur chuige sin gan dochar do sciartha an Aontais arna mbunú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ([4]), (Comhaontú Trádála agus Comhair) sciartha a úsáidfear chun TACanna cinntitheacha a shocrú.

(7) Maidir leis an liosta de na stoic, stoic ar cheart céatadán níos airde ná 25 % a bheith infheidhme ina leith, ba cheart é a bhunú ar an anailís ar ghlacadh an chuóta sa chéad ráithe de na 3 bliana deireanacha (2018-2020) arna déanamh ag na Ballstáit a d'iarr TAC sealadach níos airde. Níor cheart TACanna sealadacha a bheith níos mó ná TACanna cinntitheacha féideartha, TACanna a ndearnadh measúnú orthu, gan dochar do na comhairliúcháin atá beartaithe leis na tríú tíortha, i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch agus sciartha an Aontais arna mbunú sa Chomhaontú Trádála agus Comhair á gcur san áireamh. Is i gcomhréir leis an gcomhairle ó ICES, leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme de chuid an Aontais agus leis an gComhaontú Trádála agus Comhair atá na méaduithe sin ar TACanna sealadacha. Cuirfidh siad ar a gcumas do shoithí iascaireachta an Aontas na deiseanna iascaireachta a bhfuil siad ina dteideal a úsáid, agus a mbainfí díobh murach sin, de dhroim shéasúracht na hiascaireachta ar na stoic lena mbaineann.

(8) Is éard a léiríonn na sonraí gabhála míosúla arna dtuairisciú leis an gCoimisiún le blianta beaga anuas go ndéantar iascaireacht ar chuid de na stoic pheiligeacha eile agus den na stoic ghrinnill eile ag tús na bliana den chuid is mó. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí gabhála sin agus i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch, ba cheart céatadán níos airde i gcoibhneas le sciar an Aontais de na deiseanna iascaireachta a socraíodh le haghaidh 2021 a bhunú le haghaidh na TACanna comhfhreagracha, gan dochar do chur chuige a d'fhéadfaí a ghlacadh i gcomhaontú idirnáisiúnta ar bith agus/nó sna comhairliúcháin a bheidh ann amach anseo.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 a leasú dá réir.

(10) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2021/91 agus (AE) 2021/92 ón 1 Eanáir 2021 i leith. Na forálacha a thugtar isteach leis an Rialachán seo a bhaineann le teorainneacha gabhála, ba cheart dóibh, dá bhrí sin, teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir agus feidhm chúlghabhálach a bheith acu ón 1 Eanáir 2021. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist agus nár ídíodh go fóill iad. Ar chúiseanna práinne, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú an Rialacháin (AE) 2021/91

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91 i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([2]) Rialachán (AE) 2021/91 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear, le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, na deiseanna iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais maidir le stoic éisc dhomhainfharraige áirithe (IO L 31, 29.1.2021, lch. 20).

([3]) Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

([4]) Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den Pháirt Eile (IO L 444, 31.12.2020, lch. 14).

Airteagal 2

Leasú an Rialachán (AE) 2021/92

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) Déantar Iarscríbhinn IA a leasú i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(2) Déantar Iarscríbhinn IB a leasú i gcomhréir le Cuid C den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Márta 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. P. ZACARIAS

IARSCRÍBHINN

CUID A

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/91, in ionad tábal a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh alfainsíní in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14:

"Speiceas:	Alfainsíní *Beryx* spp.		Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 12 agus 14 (ALF/3X14-)
Bliain	2021			TAC réamhchúraim
Éire	4	(1)		Tá feidhm ag Airteagal 8(1) den Rialachán seo
an Spáinn	29	(1)		
an Fhrainc	8	(1)		
an Phortaingéil	82	(1)		
an tAontas	123	(1)		
an Ríocht Aontaithe	4	(1)		
TAC	127	(1)		
(1)	Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe faoin gcuóta seo."			

CUID B

Leasaítear Iarscríbhinn IA a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh torcéisc in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 6, 7 agus 8:

"Speiceas:	Torcéisc *Caproidae*	Limistéar:	Uiscí an Aontais agus Uiscí Idirnáisiúnta in 6, 7 agus 8 (BOR/678-)
an Danmhairg	1 645		TAC réamhchúraim
Éire	4 632		Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo"
an tAontas	6 277		
an Ríocht Aontaithe	426		
TAC	6 703		

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh láimhínigh in 7:

"Speiceas:	Láimhínigh *Lophiidae*		Limistéar:	7 (ANF/07.)
an Bheilg	1 468	(1)		TAC anailíseach
an Ghearmáin	164	(1)		Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo
an Spáinn	583	(1)		Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo"
an Fhrainc	9 419	(1)		
Éire	1 204	(1)		
an Ísiltír	190	(1)		
an tAontas	13 028	(1)		
an Ríocht Aontaithe	2 857	(1)		

TAC	15 885
(1)	Coinníoll speisialta: a bhféadfar 10 % de a iascach in 8a, 8b, 8d agus 8e (ANF/*8ABDE).

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh faoitíní in 7b, 7c, 7d, 7e, 7f, 7g, 7h, 7j agus 7k:

"Speiceas:	An faoitín gorm Merlangius merlangus	Limistéar:	7b, 7c, 7d, 7e, 7f, 7g, 7h, 7j agus 7k (WHG/7X7A-C)
an Bheilg	37	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo"	
an Fhrainc	2 258		
Éire	1 629		
an Ísiltír	18		
an tAontas	3 942		
an Ríocht Aontaithe	404		
TAC	4 346		

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh faoitíní gorma in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14:

"Speiceas:	an faoitín gorm Micromesistius poutassou		Limistéar:	Uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/1X14)
an Danmhairg	34 892	(1)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal (1) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	13 566	(1)		
an Spáinn	29 581	(1)(2)		
an Fhrainc	24 282	(1)		
Éire	27 019	(1)		
an Ísiltír	42 546	(1)		
an Phortaingéil	2 748	(1)(2)		
an tSualainn	8 631	(1)		
an tAontas	183 265	(1)(3)		
an Iorua	69 930			
Oileáin Fharó	7 000			
an Ríocht Aontaithe	45 274	(1)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			
(1)	Coinníoll speisialta: laistigh de theorainn rochtana iomlán de 24 375 thona le haghaidh an Aontais, féadfaidh na Ballstáit suas leis an gcéatadán seo a leanas dá gcuótaí a ghabháil in uiscí Fharó (WHB/*05-F.): 14,3 %.			

(2)	Féadfar aistrithe an chuóta seo a dhéanamh chuig 8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF. Tabharfar fógra, áfach, don Choimisiún roimh ré faoi aistrithe dá leithéid.
(3)	Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus in 8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a ghabháil i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen: 133 566”

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh faoitíní gorma in 8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF:

“Speiceas:	An faoitín gorm *Micromesistius poutassou*	Limistéar:	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 (WHB/8C3411)
an Spáinn	25 065	TAC anailíseach	
an Phortaingéil	6 266	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an tAontas	31 331 (1)		

TAC	Ní bhaineann le hábhar
(1)	Coinníoll speisialta: ó chuótaí an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí idirnáisiúnta in 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8a, 8b, 8d, 8e, 12 agus 14 (WHB/*NZJM1) agus in 8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF (WHB/*NZJM2), féadfar an chainníocht seo a leanas a ghabháil i Limistéar Eacnamaíoch na hIorua nó sa limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen: 133 566”

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh faoitíní gorma in uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30′ T agus 7 laistiar de 12° I:

“Speiceas:	An faoitín gorm Micromesistius poutassou	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 2, 4a, 5, 6 lastuaidh de 56° 30′ T agus 7 laistiar de 12° I (WHB/24A567)
an Iorua	133 566 (1)(2)	TAC anailíseach	
Oileáin Fharó	26 250 (3)(4)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	

TAC	Ní bhaineann le hábhar
(1)	Le comhaireamh in aghaidh an chuóta arna bhunú ag an Iorua.
(2)	Coinníoll speisialta: ní mó ná an méid seo a leanas a bheidh an ghabháil in 4a (WHB/*04A-C): 28 000 Is é atá sa srian gabhála sin in 4a an céatadán seo a leanas de theorainn rochtana na hIorua: 18 %
(3)	Le comhaireamh in aghaidh an chuóta arna bhunú ag Oileáin Fharó.
(4)	Coinníollacha speisialta: féadfar é a iascach in 6b (WHB/*06B-C) freisin. Ní mó ná an méid seo a leanas a bheidh an ghabháil in 4a (WHB/*04A-C): 6 563”

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh ghliomach na hIorua in 7:

"Speiceas:	gliomach na hIorua *Nephrops norvegicus*		Limistéar: 7 (NEP/07.)
an Spáinn	252	(1)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo
an Fhrainc	1 022	(1)	
Éire	1 550	(1)	
an tAontas	2 824	(1)	
an Ríocht Aontaithe	1 379	(1)	
TAC	4 203	(1)	

(1) Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sa limistéar seo a leanas:
Aonad Feidhmiúil 16 d'Fholimistéar 7 ICES (NEP/*07U16):

an Spáinn	437
an Fhrainc	274
Éire	526
an tAontas	1 237
an Ríocht Aontaithe	213"

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh leathóg in 7d agus 7e:

"Speiceas:	an leathóg Pleuronectes platessa	Limistéar: 7d agus 7e (PLE/7DE.)
an Bheilg	674	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo"
an Fhrainc	2 247	
an tAontas	2 921	
an Ríocht Aontaithe	1 198	
TAC	4 119	

(9) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh roc dústríochta in 7d agus 7e:

"Speiceas:	an roc dústríoctha *Raja undulata*		Limistéar: 7d agus 7e (RJU/7DE.)
an Bheilg	13	(1)	TAC réamhchúraim Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo
an Eastóin	0	(1)	
an Fhrainc	63	(1)	
an Ghearmáin	0	(1)	
Éire	16	(1)	
an Liotuáin	0	(1)	
an Ísiltír	0	(1)	
an Phortaingéil	0	(1)	
an Spáinn	14	(1)	

an tAontas	106	(1)
an Ríocht Aontaithe	35	(1)
TAC	141	(1)

(1) Ní dhíreofar ar an speiceas seo sna limistéir a chumhdaítear faoin TAC seo. Aon iasc den speiceas seo a thugtar i dtír, beidh sé iomlán, nó beidh a gheolbhaigh bainte de. Tá na forálacha a bhí ann roimhe seo gan dochar do na toirmisc a leagtar amach in Airteagail 20 agus 57 den Rialachán seo le haghaidh na limistéar a shonraítear ann."

(10) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnach in 3a agus 4 uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c agus Foranna 22-32:

"Speiceas:	Ronnach Scomber scombrus		Limistéar:	3a agus 4; uiscí an Aontais in 2a, 3b, 3c agus Foranna 22-32 (MAC/2A34.)
an Bheilg	407	(1)(2)	TAC anailíseach	
an Danmhairg	13 999	(1)(2)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	424	(1)(2)	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an Fhrainc	1 281	(1)(2)		
an Ísiltír	1 289	(1)(2)		
an tSualainn	3 821	(1)(2)(3)		
an tAontas	21 221	(1)(2)		
an Iorua	133 741	(4)		
an Ríocht Aontaithe	1 194	(1)(2)		
TAC	Ní bhaineann le hábhar			

(1) Laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

	Uiscí na hIorua in 2a (MAC/*02AN-)	Uiscí Fharó (MAC/*FRO1))
an Bheilg	55	56
an Danmhairg	1 887	1 929
an Ghearmáin	57	59
an Fhrainc	173	176
an Ísiltír	174	178
an tSualainn	515	527
an tAontas	2 860	2 925
an Ríocht Aontaithe	161	165

(2) Féadfar é a thógáil in uiscí na hIorua in 4a freisin (MAC/*4AN.).

(3) Coinníoll speisialta: lena n-áirítear an tonnáiste seo a leanas atá le tógáil in uiscí na hIorua in 2a agus 4a (MAC/*2A4AN):

190

Nuair a bheifear ag iascach faoin gcoinníoll speisialta seo, ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas sin.

(4) Le hasbhaint ó chion na hIorua den TAC (cuóta rochtana). Áirítear leis an méid sin an sciar seo a leanas atá ag an Iorua de TAC na Mara Thuaidh:

38 778

Ní fhéadfar an cuóta seo a iascach ach in 4a amháin (MAC/*04A.), cé is moite den mhéid seo a leanas, i dtonaí, a fhéadfar a iascach in 3a (MAC/*03A.):

2 100

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

	3a	3a agus 4bc	4b	4c	6, uiscí idirnáisiúnta in 2a, ón 1 Eanáir go dtí an 15 Feabhra agus ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig
	(MAC/*03A.)	(MAC/*3A4BC)	(MAC/*04B.)	(MAC/*04C.)	(MAC/*2A6.)
an Danmhairg	0	2891	0	0	8399
an Fhrainc	0	343	0	0	0
an Ísiltír	0	343	0	0	0
an tSualainn	0	0	273	7	2179
an Ríocht Aontaithe	0	343	0	0	0
an Iorua	2100	0	0	0	0”

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnach in 6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14:

“Speiceas:	Ronnach Scomber scombrus		Limistéar:	6, 7, 8a, 8b, 8d agus 8e; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 2a, 12 agus 14 (MAC/2CX14-)
an Ghearmáin	17 562	(1)	TAC anailíseach	
an Spáinn	19	(1)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
an Eastóin	146	(1)	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an Fhrainc	11 709	(1)		
Éire	58 539	(1)		
An Laitvia	108	(1)		
an Liotuáin	108	(1)		
an Ísiltír	25 610	(1)		
an Pholainn	1 237	(1)		
an tAontas	115 038	(1)		

an Iorua	12 369	(2)(3)
Oileáin Fharó	26 142	(4)
an Ríocht Aontaithe	160 985	(1)

TAC	Ní bhaineann le hábhar
(1)	Coinníoll speisialta: a bhféadfar suas le 25 % de a chur ar fáil le haghaidh malartuithe arna n-iascach ag an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil in 8c, 9 agus 10 agus uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF (MAC/*8C910).
(2)	A fhéadfar a iascach in 2a, 6a lastuaidh de 56° 30′ T, 4a, 7d, 7e, 7f agus 7h (MAC/*AX7H).
(3)	Féadfaidh an Iorua an méid a léirítear thíos den chuóta rochtana (MAC/*N5630), i dtonaí, a iascach lastuaidh de 56°30′ T. Déanfar na méideanna nach gcomhairfear faoi fhonóta 2 a chomhaireamh in aghaidh na teorann gabhála arna bunú ag an Iorua. 28 659
(4)	Déanfar an méid sin a asbhaint ó theorainn ghabhála (cuóta rochtana) Oileáin Fharó. Ní fhéadfar é a iascach ach amháin in 6a lastuaidh de 56° 30′ T (MAC/*6AN56). Ón 1 Eanáir go dtí an 15 Feabhra agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig, áfach, féadfar an cuóta seo a iascach in 2a, 4a lastuaidh de 59° (limistéar an AE) (MAC/*24N59) freisin.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir agus sna tréimhsí seo a leanas:

	uiscí an Aontais in 2a; uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua in 4a. Le linn na dtréimhsí ón 1 Eanáir go dtí an 15 Feabhra agus ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Nollaig (MAC/*4A-EN)	Uiscí na hIorua in 2a (MAC/*2AN-)	Uiscí Fharó (MAC/*FRO2)
an Ghearmáin	10 599	1 428	1 461
an Fhrainc	7 067	951	974
Éire	35 330	4 762	4 871
an Ísiltír	15 457	2 082	2 131
an tAontas	68 453	9 223	9 437
an Ríocht Aontaithe	97 162	13 097	13 395”

(12) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnach in 8c, 9 agus 10; uiscí an Aontais de 34.1.1 CECAF:

“Speiceas:	Ronnach *Scomber scombrus*		Limistéar:	8c, 9 agus 10; Uiscí an Aontais de CECAF 34.1.1 (MAC/8C3411)
an Spáinn	24 990	(1)	TAC anailíseach	
an Fhrainc	166	(1)	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an Phortaingéil	5 165	(1)		
an tAontas	30 321			

TAC	Ní bhaineann le hábhar

(1)	Coinníoll speisialta: féadfar na cainníochtaí atá faoi réir malartuithe le Ballstáit eile a thógáil in 8a, 8b agus 8d (MAC/*8ABD.). Mar sin féin, ní rachaidh na cainníochtaí arna soláthar ag an Spáinn, an Phortaingéil nó an Fhrainc chun críoch malartaithe agus a bheidh le tógáil in 8a, 8b agus 8d thar 25 % de chuótaí an Bhallstáit is deontóir.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

8b (MAC/*08B.)

an Spáinn	2 099
an Fhrainc	14
an Phortaingéil	433”

(13) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh sól coiteann in uiscí an Aontais in 2a agus 4:

“Speiceas:	an sól coiteann Solea solea		Limistéar:	uiscí an Aontais in 2a agus 4 (SOL/24-C.)
an Bheilg	731		TAC anailíseach	
	334		Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	585		Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an Fhrainc	146			
an Ísiltír	6 597			
an tAontas	8 393			
an Iorua	5	(1)		
an Ríocht Aontaithe	376			
TAC	8 774			

(1)	Ní fhéadfar é a iascach ach in uiscí an Aontais in 4 amháin (SOL/*04-C.).”

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh sól coiteann in 7b agus 7c:

“Speiceas:	an sól coiteann Solea solea	Limistéar:	7b agus 7c (SOL/7BC.)
an Fhrainc	6	TAC réamhchúraim”	
Éire	28		
an tAontas	34		
TAC	34		

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh sól coiteann in 7d:

“Speiceas:	an sól coiteann Solea solea	Limistéar:	7d (SOL/07D.)
an Bheilg	339	TAC réamhchúraim	
an Fhrainc	678	Tá feidhm ag Airteagal 8(2) den Rialachán seo Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo”	

an tAontas	1 017
an Ríocht Aontaithe	242
TAC	1 259

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh bolmán agus foghabhálacha gaolmhara in uiscí an Aontais 2a, 4a; 6, 7a-c,7e-k, 8a, 8b, 8d agus 8e; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14:

"Speiceas:	Bolmáin agus foghabhálacha gaolmhara *Trachurus* spp.		Limistéar:	Uiscí an Aontais in 2a, 4a; 6, 7a-c,7e-k, 8a, 8b, 8d agus 8e; uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta in 5b; Uiscí idirnáisiúnta in 12 agus 14 (JAX/2A-14)
an Danmhairg	5 457	(1)(3)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	4 258	(1)(2)(3)		
an Spáinn	5 808	(3)(5)		
an Fhrainc	2 191	(1)(2)(3)(5)		
Éire	14 181	(1)(3)		
an Ísiltír	17 085	(1)(2)(3)		
an Phortaingéil	559	(3)(5)		
an tSualainn	540	(1)(3)		
an tAontas	50 079	(3)		
Oileáin Fharó	1 280	(4)		
an Ríocht Aontaithe	5 135	(1)(2)(3)		
TAC	56 494			

(1) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 5 % den chuóta seo a iasctar in uiscí an Aontais in 2a nó 4a roimh an 30 Meitheamh a áireamh mar iascaireacht faoin gcuóta a bhaineann le limistéar uiscí an Aontais in 4b, 4c agus 7d (JAX/*2A4AC).

(2) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 5 % den chuóta seo a iascach in 7d (JAX/*07D.). Faoin gcoinníoll speisialta sin, agus i gcomhréir le fonóta (3), déanfar foghabhálacha torciasc agus faoitíní a thuairisciú ar leithligh faoin gcód seo a leanas: (OTH/*07D.).

(3) Féadfaidh suas le 5 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha torciasc, cadóg, faoitíní agus ronnach (OTH/*2A-14). Foghabhálacha torciasc, cadóg, faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dteannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

(4) Teoranta do 4a, 6a (lastuaidh de 56° 30′ T amháin), 7e, 7f,7h.

(5) Coinníoll speisialta: féadfar suas le 80 % den chuóta seo a iascach in 8c (JAX/*08C2). Faoin gcoinníoll speisialta sin, agus i gcomhréir le fonóta (3), déanfar foghabhálacha torciasc agus faoitíní a thuairisciú ar leithligh faoin gcód seo a leanas: (OTH/*08C2)."

CUID C

Leasaítear Iarscríbhinn IB a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh scadán in uiscí an Aontais, in uiscí Fharó, in uiscí na hIorua agus in uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2:

"Speiceas:	an scadán Clupea harengus		Limistéar:	uiscí an Aontais, uiscí Fharó, uiscí na hIorua agus uiscí idirnáisiúnta in 1 agus 2 (HER/1/2-)
an Bheilg	10	(1)	TAC anailíseach Tá feidhm ag Airteagal 6a(1) den Rialachán seo	
an Danmhairg	9 965	(1)		
an Ghearmáin	1 745	(1)		
an Spáinn	33	(1)		
an Fhrainc	430	(1)		
Éire	2 580	(1)		
an Ísiltír	3 566	(1)		
an Pholainn	504	(1)		
an Phortaingéil	33	(1)		
an Fhionlainn	154	(1)		
an tSualainn	3 692	(1)		
an tAontas	22 713	(1)		
an Ríocht Aontaithe	6 371	(1)		
Oileáin Fharó	5 950	(2)(3)		
an Iorua	26 175	(2)(4)		
TAC	446 755			

(1) Tráth a mbeidh gabhálacha á dtuairisciú don Choimisiún, déanfar na cainníochtaí arna ngabháil i ngach ceann de na limistéir seo a leanas a thuairisciú freisin: Limistéar Rialála NEAFC agus uiscí an Aontais.

(2) Féadfar é a ghabháil in uiscí an Aontais lastuaidh de 62° T.

(3) Le comhaireamh in aghaidh theorainneacha gabhála Oileáin Fharó.

(4) Le comhaireamh in aghaidh theorainneacha gabhála na hIorua.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí thuasluaite, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a thógáil sna limistéir seo a leanas:

Uiscí na hIorua lastuaidh de 62° T agus an limistéar iascaigh timpeall Jan Mayen (HER/*2AJMN)

26 175

2, 5b lastuaidh de 62° T (uiscí Fharó) (HER/*25B-F)

an Bheilg	2	Tá feidhm ag Airteagal 7(1) den Rialachán seo"
an Danmhairg	2 040	
an Ghearmáin	357	
an Spáinn	7	
an Fhrainc	88	
Éire	528	
an Ísiltír	729	

an Pholainn	103
an Phortaingéil	7
an Fhionlainn	31
an tSualainn	756
an Ríocht Aontaithe	1 303

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla deiseanna iascaireachta le haghaidh trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2:

"Speiceas:	an trosc Gadus morhua	Limistéar:	uiscí na hIorua in 1 agus 2 (COD/1N2AB.)
an Ghearmáin	1 300	TAC anailíseach Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 Tá feidhm ag Airteagal 6a(1) den Rialachán seo"	
an Ghréig	161		
an Spáinn	1 450		
Éire	161		
an Fhrainc	1 194		
an Phortaingéil	1 450		
an tAontas	5 716		
an Ríocht Aontaithe	5 044		
TAC	Ní bhaineann le hábhar		